GA

GA GA

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 22.12.2010
COIM(2010) 772 leagan deireanach

2010/0372 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 378/2007 ón gComhairle maidir leis na rialacha le haghaidh chur chun feidhme an mhodhnaithe dheonaigh ar íocaíochtaí díreacha faoin gcomhbheartas talmhaíochta**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

**Comhfhogasú don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE):**

Sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (an Conradh) déantar idirdhealú idir na cumhachtaí arna dtarmligean chuig an gChoimisiún gníomhartha neamhreachtacha a bhfuil feidhm ghinearálta leo a ghlacadh chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe a fhorlíonadh nó a leasú sa ghníomh reachtach mar atá leagtha síos in Airteagal 290(1) den Chonradh (gníomhartha tarmligthe), agus na cumhachtaí arna dtabhairt don Choimisiún coinníollacha aonfhoirmeacha a ghlacadh chun gníomhartha de chuid an Aontais atá ina gceangal dlí a chur chun feidhme mar atá leagtha síos in Airteagal 291(2) den Chonradh (gníomhartha cur chun feidhme).

Maidir le gníomhartha tarmligthe, déanann an reachtóir an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún bearta gar-reachtacha a ghlacadh. Tá an comhthéacs an-difriúil i gcás gníomhartha cur chun feidhme. Go deimhin, is iad na Ballstáit go príomha atá freagrach as gníomhartha an Aontais Eorpaigh atá ina gceangal dlí a chur chun feidhme. Má theastaíonn coinníollacha aonfhoirmeacha chun an gníomh reachtach a chur chun feidhme, áfach, tá údaraithedon Choimisiún na gníomhartha sin a ghlacadh.

Tá an clár comhfhogasaithe i Rialachán (CE) Uimh. 378/2007 maidir le rialacha nua an Chonartha bunaithe ar aicmiú, ar bhonn na fealsúnachta nua, ar chumhachtaí cur chun feidhme reatha an Choimisiúin. Faoin aicmiú sin, taispeánadh gur cumhachtaí chun glacadh le gníomhartha cur chun feidhme iad na cumhachtaí uile a thugtar don Choimisiún faoin rialachán seo.

Ag leanúint ón gclár sin, ullmhaíodh dréacht-togra le haghaidh leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 378/2007. Cinneann an Reachtóir na prionsabail ghinearálta, na modhanna ríofa, cur i bhfeidhm réigiúnach agus úsáid na suimeanna modhnaithe.

I gcomhréir le hAirteagal 291 den Chonradh, tá na Ballstáit freagrach as an gcóras arna bhunú ag an Reachtóir a chur chun feidhme. Mar sin féin, is cosúil gur gá cur chun feidhme aonfhoirmeach scéim an mhodhnaithe dheonaigh a áirithiú. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 291, mír 2 den Chonradh, tugann an Reachtóir cumhachtaí don Choimisiún na glanmhéideanna de thoradh ar an modhnú deonach (Airteagal 4(1)) a shocrú agus rialacha mionsonraithe a ghlacadh maidir le comhtháthú an mhodhnaithe dheonaigh sa chlárú forbartha tuaithe (Airteagal 6(a)) agus maidir le bainistíocht airgeadais an mhodhnaithe dheonaigh (Airteagal 6(b)).

## 2. TORTHAÍ NA gCOMHAIRLIÚCHÁN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS NA MEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara**

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní raibh aon ghá le comhairliúchán le páirtithe leasmhara ná le saineolas seachtrach.

- **Measúnú tionchair**

Ní raibh aon ghá le measúnú tionchair.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

- **Achoimre ar an ngníomhaíocht atá beartaithe**

Cumhachtaí tarmligthe agus cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin i Rialachán (CE) Uimh. 378/2007 ón gComhairle a shainaithint agus an nós imeachta comhfhreagrach a bhunú chun na gníomhartha sin a ghlacadh.

- **Bunús dlí**

Airteagal 43 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

- **Prionsabal na coimhdeachta**

Comhlíonann an togra prionsabal na coimhdeachta.

- **Prionsabal na comhréireachta**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta.

- **Rogha ionstraimí**

An ionstraim atá beartaithe: Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Ní bheadh modhanna eile leormhaith ar an gcúis seo a leanas: ní mór gur le Rialachán eile a leasaítear Rialachán.

## 4. IMPLEACHT BHUISÉADACH

Níl aon chaiteachas breise ón Aontas i gceist leis an mbeart seo.

2010/0372 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh 378/2007 ón gComhairle maidir leis na rialacha le haghaidh chur chun feidhme an mhodhnaithe dheonaigh ar íocaíochtaí díreacha faoin gcomhbheartas talmhaíochta**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún[1],

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[3],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tugann Rialachán (CE) Uimh. 378/2007 ón gComhairle an 27 Márta 2007, ina leagtar síos rialacha maidir le modhnú deonach ar íocaíochtaí díreacha a ndéantar foráil ina leith i Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 lena mbunaítear comhrialacha le haghaidh scéimeanna tacaíochta dírí faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus lena mbunaítear scéimeanna tacaíochta áirithe le haghaidh feirmeoirí[4] , cumhachtaí don Choimisiún cuid d'fhorálacha an Rialacháin sin a chur chun feidhme.

(2) Mar thoradh ar theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin, ní mór na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún faoi Rialachán (CE) Uimh. 378/2007 a chomhfhogasú d'Airteagal 290 agus d'Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (an Conradh).

(3) D'fhonn cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an mhodhnaithe dheonaigh ar íocaíochtaí díreacha a ráthú i ngach Ballstát, ba cheart cumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 291 den Chonradh. Ach amháin sna cásanna ina bhforáiltear a mhalairt go sainráite, ba cheart don Choimisiún glacadh leis na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis na

[1] IO C , , lch. .
[2] IO C , , lch. .
[3] IO C , , lch. .
[4] IO L 95, 5.4.2007, lch. 1.

forálacha i Rialachán (AE) Uimh [xxxx/yyyy] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an... [*le comhlíonadh tar éis an rialúchán ar mheicníochtaí rialaithe a ghlacadh, de réir mar a thagraítear dó in Airteagal 291(3) den CFAE, atá á phlé ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle faoi láthair*].

(4) D'fhonn a áirithiú go gcuirfear modhnú deonach chun feidhme go héifeachtúil, ba cheart don Choimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme, na glanmhéideanna de thoradh ar mhodhnú deonach a chur chun feidhme a shocrú. Mar gheall ar na cineálacha gníomhartha cur chun feidhme atá á mbeartú, ba cheart don Choimisiún na gníomhartha sin a ghlacadh gan chúnamh ó choiste.

(5) Ar an gcúis céanna, ba cheart cumhacht a thabhairt don Choimisiún glacadh le gníomhartha cur chun feidhme le cúnamh ón gCoiste Forbartha Tuaithe arna bhunú le hAirteagal 91*c* de Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2005 faoi thacaíocht óngCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) i gcomhair forbairt tuaithe[5] , chun comhtháthú an mhodhnaithe dheonaigh sa chlárú forbartha tuaithe a áirithiú. Ina theannta sin, ba cheart cumhacht a thabhairt don Choimisiún glacadh le gníomhartha cur chun feidhme le cúnamh ón gCoiste maidir le cistí Talmhaíochta arna bhunú le hAirteagal 42*d*(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2005 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú[6], chun bainistíocht airgeadais an mhodhnaithe dheonaigh a áirithiú.

(6) Ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 378/2007 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 378/2007 mar seo a leanas:

(1) In Airteagal 4(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása tosaigh:

> “Socróidh an Coimisiún na glanmhéideanna de thoradh ar mhodhnú deonach a chur chun feidhme, trí ghníomhartha cur chun feidhme gan chúnamh ó choiste, bunaithe ar na nithe seo a leanas:”

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

*"Airteagal 6*

1. Trí ghníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta dá thagraítear in Airteagal 91*c* de Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005, glacfaidh an Coimisiún le forálacha sonracha chun modhnú deonach a chomhtháthú sa chlárú forbartha tuaithe.

---

5 IO L 277, 21.10.2005, lch. 1

6 IO L 209, 11.8.2005, lch. 1.

2. Trí ghníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta dá thagraítear in Airteagal 42*d(3)*de Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005, glacfaidh an Coimisiún le forálacha sonracha le haghaidh bhainistíocht airgeadais an mhodhnaithe dheonaigh."

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

# RÁITEAS AIRGEADAIS

AGRI/I.1-D/852099(MB/tm)
6.15.2010.1

DÁTA: 03/11/2010

| | | |
|---|---|---|
| 1. | CEANNTEIDEAL BUISÉID:<br><br>05 03 Cabhracha Díreacha<br>05 04 Forbairt Tuaithe | LEITHREASAÍ |
| 2. | TEIDEAL:<br>Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 378/2007 ón gComhairle maidir leis na rialacha le haghaidh chur chun feidhme an mhodhnaithe dheonaigh ar íocaíochtaí díreacha faoin gcomhbheartas talmhaíochta | |
| 3. | BUNÚS DLÍ:<br>Airteagal 43 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) | |
| 4. | AIDHMEANNA<br>Cumhachtaí chur chun feidhme an Choimisiúin i Rialachán (CE) Uimh. 378/2007 ón gComhairle a chomhfhogasú leis an idirdhealú idir cumhachtaí tarmligthe agus cumhachtaí cur chun feidhme a tugadh isteach le hAirteagail 290 agus 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 5. | IMPLEACHTAÍ AIRGEADAIS | TRÉIMHSE 12 MHÍ<br><br>(EUR milliún) | AN BHLIAIN AIRGEADAIS REATHA 2010<br>(EUR milliún) | AN BHLIAIN AIRGEADAIS INA DHIAIDH SIN 2011<br>(EUR milliún) |
| 5.0 | CAITEACHAS<br>- ARNA MHUIREARÚ AR BHUISÉAD AN CE (AISÍOCAÍOCHTAÍ/IDIRGHABHÁLACHA)<br>- ÚDARÁIS NÁISIÚNTA<br>- EILE | - | - | - |
| 5.1 | IONCAM<br>- ACMHAINNÍ DÍLSE AN CE (TOBHAIGH/DLEACHTANNA CUSTAIM)<br>- NÁISIÚNTA | - | - | - |

| | | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| 5.0.1 | CAITEACHAS MEASTA | - | - | - | - |
| 5.1.1 | IONCAM MEASTA | - | - | - | - |

| | | |
|---|---|---|
| 5.2 | MODH RÍOFA:<br>- | |
| 6.0 | AN FÉIDIR AN TIONSCADAL A MHAOINIÚ Ó LEITHREASAÍ A IONTRÁLADH SA CHAIBIDIL ÁBHARTHA DEN BHUISÉAD REATHA? | ~~IS FÉIDIR/NÍ FÉIDIR~~ |
| 6.1 | AN FÉIDIR AN TIONSCADAL A MHAOINIÚ TRÍ AISTRIÚ IDIR CAIBIDLÍ AN BHUISÉID REATHA? | ~~IS FÉIDIR/NÍ FÉIDIR~~ |
| 6.2 | AN MBEIDH GÁ LE BUISÉAD FORLÍONTACH? | ~~BEIDH/NÍ BHEIDH~~ |
| 6.3 | AN GÁ LEITHREASAÍ A IONTRÁIL I MBUISÉID SA TODHCHAÍ? | ~~IS GÁ/NÍ GÁ~~ |

BARÚLACHA:

Is é is aidhm don togra cumhachtaí an Choimisiúin a tugadh le Rialachán (CE) Uimh. 378/2007 ón gComhairle a chomhfhogasú leis an idirdhealú idir cumhachtaí tarmligthe agus cumhachtaí cur chun feidhme a tugadh isteach le hAirteagal 290 agus Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Níl aon athrú ar bhuiséad an Chomhphobail i gceist leis seo.